

Síol féile fuil Diarmada
[RIA 743 (A/iv/3), 618]
Brían Dorcha Ó hUiginn cecinit
[Casbhairdne, Dán Díreach]

- 1 Síol féile fuil Díarmada
fuil nach fréamha póirbheaga
slat chumhra ós cloinu Díarmada
croinu dán hubhla a n-óirlega.
- 2 Cía haca a[s](cht) dóigh deaghdháimhe
slata póir na pailm[fh]réimhe
ní goire d'f[h]éin fhionuBhúille
béim oile iná a n-aimhredhe.
- 3 D'éis mheasda an fhóid Éirionnaigh
leanta d'eól gach fhíorollaimh
an lá as fherr fiádh Féilimidh
a ngeall riamh ag rioghorraidh.
- 4 Tearc da mhéd clú cuirfidhear
nach ttéd a-nú a neamthoradh
ní fhéd clíar é d'athmholadh
ar Brían dá mbé ag breathnoghadh.
- 5 Nír mhó d'éicsibh óirleaga
dhóibh do réidhigh ríognod(h)a
meic ríogh f[h]réimhi Díarmada
as díobh féini a bfíorbhod [leg. -bhuga?]
- 6 Béim dhó iomad ógbaidhi
tighi óil dá n-éignighe
ní gheibh fíon da úaignighi
gan líon cean fán gcé[i]dbh[i]li(dh)
- 7 Mac Sadbha a n-uair iommbúalaidh
Banbha úaidh gan uilldhíoghain
frioth rí do ráth fhinnÉimhir
dá madh gnáth í ag uirriogaibh.
- 8 Oidri Rúaidri rioghBhuathail
núaigris Doirre démhúchaidh
cead suain ag síol saoirFiachaidh
síodh úaidh in gach endúthaighh.
- 9 Léghaidh litre ríleabha[i]r
t'file(dh) d'éis a ceódhubhaidh (?)
ceist crúaidh reampa réidhigidh
ag búain dergtha a deóradh[a]ibh.
- 10 Nír dhligh clíar na cáoirleaga
dár iarr sin na shíodhluga
do-chúaidh tar crú Díarmada [619]
a gclú an úair dob fhíorbhuga.
- 11 Bliadhain tar chách cuinneóbhaigh
ríagail na mná mallaoideidh
teisd chléiri ar fhuil fhinnÉimhir
do chuir fhéile i n-andáoinibh.
- 12 Líon corma ó Chlíaigh ghealchúirtigh

- fiadh Conla is dá chaithlíontuibh
gerr sgís fhledhe an lethBhúrcaigh
na bleidhe ar-ís aithlíontuir.
- 13 Geall ag tír le tigerna
ní ferr righ na rodhamhna
úa Taidhg ar tí a ttogharma
a mbí gan aird anamhna.
- 14 Láoich úallcha chrann gcrúaidhleabhar
mall slúagadh a sírdheibhedh
tús gliadh nír áil d'éindligheadh
Brían ón ágh 'na fhírdheredh.
- 15 Fir chlechtas dáil dergdheighshéd
san ráith bennaigh bhuidghil-ód
rí gan fhius ar ardghairéd
lé a mbí i lios an luirgnigh-ód.
- 16 Riaghail rígh na tarrngura
láoich nach iarraid omnadha
tighi róid fhuinn fhionnLogha
móid í Chuinn a gcomhladha.
- 17 Gnáth leis díol ré deighferuibh
do Brian do-bheir baramhuil
nír bh é dóigh mhúir Muredaigh
ar Bhúill madh áil anamhain
- 18 D'fer th'anma da shíorghnáthaigh
Banbha ní bean rédhnuachair
crodh cáigh ar do chiúinbhréithir (?)
ar gcor an áigh d'enbhuchuil.
- 19 Ceó ar dho bloidh nír brethnaisheadh
ní fhuil ceó le gceilfidhior
gríos th'oinigh ag athghlanadh
mar bhíos doighir dheightheinedh.
- 20 Geill caigh réd chois cenguilter
tar chrois an chláir Chonnachtuigh
ní ró acht ainm dot iomurcaidh
a ló an chairn do Chonnachtuibh.
- 21 Sloigh Cruachna is íad inshuibhail
síad ret fhuagra ag anamain
tug snaidm ar [sí]ol Muredaigh
ag gairm ríogh nach rabhabhair.
- 22 Nós iongnadh ag áoidhedhaib[h] [620]
más cóir diomdha ar dháilemhain
geall cáigh ag crú ríoghLugaidh
gíodh clú dháibh ar dháilibhair.
- 23 Ní cuirt súd is sobháthaidh
do chert [leg. chúirt?] ar chuig deighíathaibh
denamh righ ort d'ainfhiachuibh
do locht ar shíl sheinFiachaidh.
- 24 Tú ag díon do ghéig ngeiniolaigh
mar ghéig fá dhíon duilibhair
ced crúais ag crú Muredaigh

- gúais dá gclú do chuirioibhair.
25 Úait síos a-tá an tigerna
fá mbíd cách ag comhhla
fada ó fuair trí togharma
rí do-chúaidh led chomhardha.
26 Líon corma ar gach corrthulaigh
gé bhíos comhgha i gcuirmthighibh
sibh an uair dob ionchuiridh
úaibh i ttigh ní tuillfidhir.
27 Síol gCréidhi on Bháoill binnealtaigh
éinpher dhíobh ní diommoltair
díon béime an chláir Chonnachtuigh
a ndáil t'fhéile dh'iomarcaidh.
28 Fóir Chrúachan d'éis th'oileamhna
úamhan d'éicsibh deaghullmha
lucht eagna ó thoigh thogharma
a moigh d'eagla h'ealadhna.
29 Tú as rí do f[h]reimh Feradhaigh
d'éis na gcríoch do chomhfhogail
fir iartha mhná Mhuredaigh
lá clíachda fád chomhaduibh.
30 Fáth reactha do ríoghtha-sa
bláth ar fhedhuibh urchasa
sibh ar tí an chláir Crúachna-sa
gach rí a ndáil an duthchasa.
31 Gabhtur ar úir iaranna
fúibh ós clethuibh cnódhonna
fágbhaid barr cráobh ciúinfhionna
don táobh thall do thoronna.
32 Gan eglá an úir úaigneasa
úaidh a bfedaibh fódghlása
gabhal fá cráoibh cédmhéasa
fan mBáoill d'om[an] (?) t'[fh]ógru-sa.
33 Rod saor úait gach énchonair [621]
ní guais táobh da ttriallfaidher
cía an táin do gheabh gnáithshligidh
cain ar fer na f(h)iarfaigheildh.
34 Ar chuilitibh chloch n-ómrada
sgol a t[u]ighi[.....]
fúair fáilti ag freimh Díarmada
cáinti nach éir d'éinleaba.
35 Ól corma gur críochnaigeadh
folchaidh (?) róid na ráthmhuigeadh
Brian fá fhíon ni hiarrfaider
gan líon glíadh do ghnathmurer.
36 Gar tád do mhuigh Muredaigh
do sguir cách da gcomhfhalaidh
lucht adhbhair fhóid Feradhaigh
d'armuibh ar chóig comhaduibh.
37 Líon glíadh ón Bhúill bhailbheasaigh

- críoch 'na ndíaidh fa dhonlasuir
réidh acht a n-am imriosain
fá réir an chlann Chonnla-sain.
- 38 Ni docra díol deighfhéichimh
comhtha na gcríoch cruinneóchaidh
créd teasda ó shiol sheinFhíachaidh
ag síodh feasda fuireóchaidh.
- 39 Rug d'áoinleith an iomáin-si
Gáoidhil tug fá thromsháoirsi
tearc fiadh 'na bfuil aindísli
Brían do chuir an chomáoin-si. Síol...